Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 10577 - FSN CAPITAL VI / OPTIGROUP / HYGAS / BFG / TPC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 54/06)

1. An 24 Eanáir 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— FSN Capital VI (Geirsí),

— OptiGroup AB ("OptiGroup", an tSualainn),

— Hygas B.V. ("Hygas", an Ísiltír),

— BFG Packaging SRL ("BFG", an Rómáin) agus

— Trias Productie Holding B.V. ("TPC", an Ísiltír).

Gheobhaidh FSN Capital VI rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar OptiGroup, Hygas, BFG agus TPC ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é FSN Capital VI, a gcuireann FSN Capital, ar comhairleoir cothromais phríobháidigh é, comhairle air. Tá roinnt cuideachtaí punainne ag cistí FSN Capital ar feadh earnálacha éagsúla amhail earnáil na tionsclaíochta agus earnáil na monaraíochta, earnáil na dtomhaltóirí, an earnáil miondíola, earnáil na mbogearraí agus earnáil na dteicneolaíochtaí, in EEA go príomha.

— Is dáileoir ionaid ilfhreastail Gnólacht le Gnólacht ("B2B") é OptiGroup a dháileann táirgí saoráide, sábháilteachta, seirbhíse bia agus pacáistíochta, mar aon le soláthairtí páipéir agus gnó, sa tSualainn, san Fhionlainn, sa Bheilg agus san Ísiltír go príomha.

— Is dáileoir ionaid ilfhreastail B2B é Hygas a dháileann táirgí sláinteachais, táirgí leighis (indiúscartha), trealamh cosanta agus ábhair pacáistíochta le haghaidh réimse leathan tionscal, amhail cúram sláinte, seirbhísí bia, seirbhísí saoráide, miondíol, ollmhargaí, fáilteachas, folláine, mótarfheithiclí, talmhaíocht agus gairneoireacht, san Ísiltír, sa Bheilg, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc go príomha.

— Is monaróir pacáistíochta bia d'ardcháilíocht san Eoraip é BFG, agus díríonn sé go príomha ar tháirgí nideoige a úsáidtear in earnáil na lónadóireachta agus san earnáil próiseála bia agus tá sé gníomhach sa Rómáin go príomha.

— Is mórdhíoltóir é TPC a dhíolann téipeanna pacáistíochta, scannáin shínteacha agus scannáin chlúdaigh, mar aon le hábhair éagsúla phacáistíochta eile le haghaidh custaiméirí atá gníomhach sa mhargadh B2B san Ísiltír, sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Pholainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10577– FSN CAPITAL VI / OPTIGROUP / HYGAS / BFG / TPC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:
European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË